Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10872/21**
**ADD 7**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0213(CNS)**

**FISC 123**
**ECOFIN 745**
**ENER 327**
**ENV 527**
**CLIMA 192**
**IA 137**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 642 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 642 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 642 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
SWD(2021) 642 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle**

**lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)**

{COM(2021) 563 final} - {SWD(2021) 640 final} - {SWD(2021) 641 final} - {SEC(2021) 663 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Threoir 2003/96/CE

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip tá an tionscnamh um athbhreithniú ar Threoir 2003/96/CE (an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh nó ETD) ina chuid den 'Phacáiste Oiriúnach do 55'.

Is iad na príomhfhadhbanna a dtugtar aghaidh orthu sa mheasúnú tionchair an méid seo a bhaineann le ETD: i) níl sé i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais; ii) tugann sé tús áite *de facto* don bhreosla iontaise agus iii) níl sé ag rannchuidiú a thuilleadh le feidhmiú iomchuí an mhargaidh inmheánaigh.

Seo hiad na príomhchúiseanna atá leis na fadhbanna seo: i) leibhéal agus struchtúr na n-íosrátaí (easpa sásra um innéacsú, cánachas breosla bunaithe ar thoilleadh seachas ar chion fuinnimh agus gan a bhfeidhmíocht comhshaoil a chur san áireamh), ii) an cumhdach as dáta ar tháirgí fuinnimh (bithbhreoslaí go háirithe), agus iii) éagsúlacht na ndifreálacha, laghduithe agus díolúintí cánach, lena gcuirtear teorainn ar chumhdach éifeachtach na Treorach.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na roghanna beartais:

I. Rannchuidiú le spriocanna an Aontais 2030 agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Leis sin dhéanfaí cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh agus aeráide an Aontais agus rannchuideofaí le hiarrachtaí an Aontais astaíochtaí a laghdú agus, san am céanna, comhleanúnachas le ETS a áirithiú agus neamhréireachtaí agus forluí a sheachaint.

II. Margadh inmheánach an Aontais a chaomhnú agus a fheabhsú trí raon feidhme agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach.

III. Acmhainneacht ETD ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát agus na héifeachtaí dáileacháin a chaomhnú, is gnéithe iad sin is ceart a chur san áireamh.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Ní féidir na fadhbanna a shainaithnítear a réiteach ach amháin trí athbhreithniú a dhéanamh ar ETD, i gcomhar le bearta beartais eile de chuid an Aontais. Leis na cuir chuige náisiúnta tá an baol ann go saobhfaí an margadh inmheánach agus go mbainfí an bonn de chuspóirí EGD i ngeall ar an struchtúr neamh-chomhchuibhithe agus ar leibhéal na gcánacha náisiúnta. Is le creat comhchuibhithe, agus leis sin amháin, is féidir cuidiú le leibhéil uaillmhéine an Aontais a bhaint amach sna réimsí sin agus san am céanna féachaint le hiomaíochas na n-earnálacha táirgiúla agus an chóir chomhionann cánachais a chaomhnú i measc earnálacha agus úsáidí fuinnimh. Is éifeachtaí a bheidh rannchuidiú an Aontais chun uaillmhianta níos airde aeráide ar bhonn domhanda a bhaint amach má dhéanann an tAontas na hionstraimí beartais uile féideartha, lena n-áirítear an cánachas, a chomhordú i gcomhthéacs plean uaillmhéine, lena n-áirítear síneadh a chur le ETS agus le gníomhaíochtaí beartais ábhartha eile sa

| |
|---|
| ‘Phacáiste Oiriúnach do 55’. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla atá ann chun na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Is é atá sa bhonnlíne (rogha 0) creat reachtach 2030 maidir leis an aeráid agus an fuinneamh atá ann cheana, eadhon na spriocanna aeráide agus fuinnimh, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 40 % faoi 2030, a comhaontaíodh cheana, chomh maith leis na príomhuirlisí beartais chun iad sin a chur chun feidhme.<br><br>Le rogha 1 dhéanfaí na híosrátaí a innéacsú agus leathnófaí go páirteach an bonn cánach agus, san am céanna, choinneofaí a struchtúr go substaintiúil. Chuimseofaí na hearnálacha eitlíochta agus muirí, laistigh den Aontas, sa raon feidhme a mbeadh íosráta nialais ann trí dheireadh a chur leis na díolúintí cánach atá ann faoi láthair.<br><br>Le rogha 2 tugtar isteach córas rátaí simplithe, déantar íosrátaí a innéacsú agus a bhunú ar chion fuinnimh agus ar idirthréimhse (10 mbliana le haghaidh rogha 2a agus tréimhse níos giorra go dtí 2030 le haghaidh rogha 2b). Díríonn sé ar chion fuinnimh trí bhíthin leibhéal méadaithe cánachais (ar bhreoslaí téimh den chuid is mó) agus chuimseofaí leathnú bhonn inchánach na loingseoireachta laistigh den Aontas le haghaidh na n-earnálacha eitlíochta agus muirí i raon feidhme na Treorach ina mbeidh íosrátaí a dhéanfar a mhéadú go líneach le linn idirthréimhse 10 mbliana i ndáil le gníomhaíochtaí laistigh den Aontas. Le rogha 2c tugtar isteach comhpháirt nua sna rátaí lena gcuirtear san áireamh astaíochtaí truailleán aeir na dtáirgí sa bhreis ar ghnéithe rogha 2a.<br><br>Le rogha 3 tugtar isteach comhpháirt cion carbóin le haghaidh na n-earnálacha nach gcumhdaítear le ETS. I ndáil le rogha 2, sa chás seo chomh maith, déantar dhá idirthréimhse (10 bliana agus 2030) a bhreithniú. Comhpháirt truailliúcháin a thabhairt isteach, déantar anailís air sin sa rogha sin.<br><br>I bhfianaise gur cheart an córas ETS a leathnú chun astaíochtaí iompair agus foirgneamh a chumhdach, meastar gurb í rogha 2a an rogha is fearr chun an cánachas dúbailte a sheachaint.<br><br>Dá ndéanfaí ETS a leathnú go tomhaiste chun an t-iompar de bhóthar, chun an loingseoireacht mhuirí agus intíre agus foirgnimh a chumhdach i gcomhar le rogha 2 i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar ETD chuideodh sin le cuspóir aeráide uaillmhianach an Aontais laghduithe astaíochtaí 55 % a bhaint amach agus san am céanna go bhféadfaí an chuid eile de na cuspóirí bhaint amach leis an athbhreithniú ar ETD. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| I gcomhairliúchán poiblí léirigh formhór mór na ngnólachtaí agus na n-údarás poiblí go meastar, maidir le cáin fuinnimh atá bunaithe ar chion fuinnimh, go mbeadh sin ábhartha. Anuas air sin, tá formhór ollmhór na gcineálacha freagróra uile i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar ETD lena dtugtar isteach dreasachtaí le haghaidh foinsí malartacha fuinnimh lena dtacaítear leis an aistriú chuig an aeráidneodracht trí laghdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht tús áite a thabhairt do bhreoslaí iontaise trí laghduithe, díolúintí agus lacáistí cánach a laghdú. Tacaíonn formhór an-mhór na saoránach agus ionadaithe na sochaí poiblí le deireadh a chur le cóir fhabhrach cánach d’earnálacha sonracha gníomhaíochta agus leis an idirdhealú idir úsáidí tráchtála agus úsáidí neamhthráchtála. |

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
| --- |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Tá an rogha thosaíochta 2a go hiomlán i gcomhréir le tionscnaimh eile de chuid an phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus do bhearta ábhartha an Aontais. Rannchuideoidh an rogha beartais atá beartaithe leis an gComhaontú Glas don Eoraip trí astaíochtaí a laghdú in AE27. I gcomparáid leis an gcás bunlíne, meastar go dtiocfaidh laghdú ar astaíochtaí in 2035 mar a leanas:<br><br>GCT: -1,6 %;  NOx: -1,7 %;  PM2.5: -2,5 %;  SO2: -1,6 %<br><br>De bhrí gur tugadh an earnáil eitlíochta agus an earnáil mhuirí laistigh den Aontas faoi raon feidhme na Treorach rannchuideoidh sin le comhleanúnachas níos fearr an chánachais iompair. Leis na híosmhéideanna nua a tugadh isteach agus le leathnú an bhoinn cánach rannchuideofar leis na rátaí cánach éifeachtacha san Aontas a chóineasú tuilleadh. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| De réir na meastachán beidh ann na costais seo a leanas: i) Caillteanas fostaíochta 0.2 % ar leibhéal AE 27 in 2025 i gcomparáid leis an mbonnlíne, ii) Méadú ar phraghsanna téimh tís agus iompair agus iii) Méadú ar chostais ghnólachtaí de dheasca laghduithe ar dhíolúintí agus méaduithe ar phraghsanna breoslaí iontaise.<br><br>Tagann méadú ar phraghsanna do thomhaltóirí as rátaí méadaithe cánach, i dtaca le breoslaí mótair agus breoslaí téimh araon. Faoin rogha tosaíochta, is comhchosúil iad na méaduithe ar phraghsanna breosla téimh agus breosla iompair, thart ar 0,8 % agus 1.2 % faoi seach. Léirítear leis na torthaí go bhféadfaidh na hathruithe cánach atá beartaithe ioncam indiúscartha coigeartaithe teaghlaigh (an t-ioncam indiúscartha glan ó chánacha indíreacha) a laghdú, ar bhealach aischéimnitheach go minic. Mar sin féin, nuair a dhéanfar an t-ioncam breise ó cháin a aisíoc le teaghlaigh ar bhonn cnapshuime, iompaíonn an t-athrú cánach iomlán ina hathrú forchéimnitheach de bhrí go gcinnfear leis na haistrithe sin méadú ar an ioncam indiúscartha do theaghlaigh. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Ní bheidh tionchar sonrach ag an rogha atá beartaithe ar FBManna na ar iomaíochas thionscal an Aontais |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ar an mbonnlíne, meastar go dtiocfaidh laghdú beagnach 32 % ar ioncam na mBallstát idir 2020 agus 2035 mar gheall ar an éabhlóid nach raibh coinne leis ar an gcóras fuinnimh de bhrí go mbeidh laghdú ar an spleáchas laghdaitheach ar bhreoslaí a bhuí le coigilteas fuinnimh agus an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise agus mura n-ardóidh na Ballstáit a rátaí náisiúnta.  Faoin rogha tosaíochta 2a thiocfadh maolú nach beag ar an treocht sin de bharr méaduithe ar ioncam.<br><br>Tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú ar ETD feabhsuithe agus simpliú ar rátaí cánach agus ar an mbonn inchánach a thabhairt isteach. Níor cheart go dtiocfadh athrú ó bhonn, de bharr na n-athruithe atá beartaithe, ar ghearradh agus riar cánach máil ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |

| |
|---|
| Ní bheidh |
| **Comhréireacht?** |
| Tá an togra comhréireach agus riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach, mar go dtugtar aghaidh ann ar na teorainneacha a bhaineann le ETD faoi láthair agus, san am céanna, a struchtúr á choimeád ar bun. Leis an rogha 2a atá beartaithe tugtar isteach íosmhéideanna nua, leathnaítear an bonn cánach, tugtar aird ar an mbail ar leith atá ar theaghlaigh agus ar thionscail íogaire agus foráiltear ann maidir le hidirthréimhse 10 mbliana chun gur féidir aistriú rianúil a dhéanamh. Anuas air sin, foráiltear maidir le athbhreithnithe rialta chun comhréireacht na mbeart beartais a áirithiú. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Faoi láthair, le hAirteagal 29 de ETD foráiltear maidir le scrúdú rialta ar bhonn tuarascála agus, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn togra ón gCoimisiún. Ullmhófar tuarascáil 5 bliana tar éis chur chun feidhme na Treorach. |